2026/53

8.1.2026

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/53 ÓN gCOIMISIÚN

an 6 Eanáir 2026

lena n-aithnítear go bhfuil sonraí cruinne sa tuarascáil a chuir an tSlóvaic isteach faoi Airteagal 31(2) de Threoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle chun na hastaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaineann le saothrú cruithneachta agus sorgaim sa Bhallstát sin a thomhas

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn ([1]), agus go háirithe Airteagal 31(4) di,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Ceanglaítear le Treoir (AE) 2018/2001 go sábháiltear le bithbhreoslaí, bithleachtanna agus breoslaí bithmhaise líon mór astaíochtaí gás ceaptha teasa i gcomparáid le breoslaí iontaise ionas gur féidir iad a áireamh mar chuid de na spriocanna a leagtar amach sa Treoir sin. Chun na críche sin, in Airteagal 29(10) den Treoir sin leagtar síos tairseacha sonracha maidir le laghdú ar astaíochtaí le haghaidh na mbreoslaí sin, agus le hAirteagal 31 rialaítear an bealach a ríomhtar an laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ó úsáid na mbreoslaí sin. Agus na ríomhanna sin á ndéanamh, is féidir úsáid a bhaint as na luachanna réamhshocraithe a leagtar amach in Iarscríbhinní V agus VI a ghabhann le Treoir (AE) 2018/2001. In ionad luachanna réamhshocraithe na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa a thagann ó shaothrú amhábhar talmhaíochta, is féidir úsáid a bhaint as luachanna tipiciúla faoi roinnt coinníollacha. Maidir leis na luachanna tipiciúla sin, arb éard atá iontu an meánluach i limistéar sonrach, féadfaidh na Ballstáit nó tríú tíortha iad a thuairisciú don Choimisiún. Ní fhéadfar na luachanna tipiciúla a úsáid ach amháin má aithníonn an Coimisiún go bhfuil siad cruinn.

(2) Le hAirteagal 31(2) de Threoir (AE) 2018/2001 ligtear do na Ballstáit tuarascálacha a chur faoi bhráid an Choimisiúin lena n-áirítear faisnéis faoi na hastaíochtaí gás ceaptha teasa tipiciúla a thagann ó shaothrú amhábhar talmhaíochta sna limistéir sin ar a gcríocha a aicmítear mar leibhéal 2 in aicmiú comhchoiteann na n-aonad críche maidir le staidreamh (NUTS), nó mar leibhéal NUTS atá níos dí-chomhiomlánaithe, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]).

(3) Trí Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/478 ([3]), d'aithin an Coimisiún go raibh sonraí cruinne sa tuarascáil ar chuir an tSlóvaic faoina bhráid chun na hastaíochtaí gás ceaptha teasa a thomhas a bhaineann le saothrú síl ráibe agus arbhair a tháirgtear de ghnáth i réigiúin NUTS 2 sa tSlóvaic.

(4) An 2 Aibreán 2025 chuir an tSlóvaic tuarascáil chríochnaitheach faoi bhráid an Choimisiúin ina raibh sonraí chun tomhas a dhéanamh ar na hastaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaineann le saothrú síl ráibe agus sorgaim a tháirgtear de ghnáth i limistéir ar a críoch a aicmítear mar leibhéal 3 in aicmiú comhchoiteann na n-aonad críche maidir le staidreamh. D'iarr an tSlóvaic go n-aithneofaí na sonraí mar shonraí cruinne i gcomhréir le hAirteagal 31(4) de Threoir (AE) 2018/2001.

(5) Rinne an Coimisiún measúnú ar an tuarascáil agus chinn sé go bhfuil sonraí cruinne inti chun na hastaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaineann le saothrú cruithneachta agus sorgaim a tháirgtear de ghnáth i réigiúin NUTS 3 sa tSlóvaic a thomhas.

([1]) IO L 328, 21.12.2018, lch. 82, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2018/2001/oj.

([2]) Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Bealtaine 2003 maidir le haicmiú comhchoiteann na n-aonad críche maidir le staidrimh a bhunú (IO L 154, 21.6.2003, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2003/1059/oj).

([3]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/478 ón gCoimisiún an 12 Márta 2025 lena n-aithnítear go bhfuil sonraí cruinne sa tuarascáil a chuir an tSlóvaic faoi bhráid an Choimisiúin faoi Airteagal 31(2) de Threoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a thomhas a bhaineann le saothrú síl ráibe agus arbhair sa Bhallstát sin (IO L, 2025/478, 13.3.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2025/478/oj).

(6) Na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo, tá siad i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Inbhuanaitheacht Bithbhreoslaí, Bithleachtanna agus Breoslaí Bithmhaise,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

An tuarascáil a chuir an tSlóvaic faoi bhráid an Choimisiúin an 2 Aibreán 2025 chun aitheantas a fháil ina leith, soláthraítear léi sonraí cruinne chun na hastaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaineann le saothrú cruithneachta agus sorgaim a tháirgtear de ghnáth i réigiúin NUTS 3 sa tSlóvaic a thomhas. Leagtar amach achoimre ar shonraí na tuarascála san Iarscríbhinn.

Airteagal 2

I gcás ina ndéanfar athrú ar na sonraí sa tuarascáil, mar a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin í chun aitheantas a fháil ina leith an 2 Aibreán 2025, arb athrú é a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do chruinneas na sonraí agus, dá bhrí sin, don bhunús leis an gCinneadh seo, tabharfaidh an tSlóvaic fógra don Choimisiún faoi na hathruithe sin láithreach. Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar na hathruithe faoina dtugtar fógra chun cinneadh a dhéanamh cé acu a sholáthraítear nó nach soláthraítear sonraí cruinne fós leis an tuarascáil a bhfuil sí aitheanta ina leith.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Scoirfidh sé d'fheidhm a bheith aige an 28 Eanáir 2031.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 6 Eanáir 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Astaíochtaí gás ceaptha teasa ó shaothrú cruithneachta sa tSlóvaic le haghaidh réigiúin NUTS 3 (kg CO_2eq/tona de chruithneacht a bhuantar ar bhonn ábhar tirim)

Réigiún NUTS 2 de réir Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003		N_2O na hithreach		Leabaithe			Úsáid breosla	Síolta	Iomlán
		Díreach	Indíreach	Leasachán	Neodrú	Lotnaidicíd			
SK010	an Bhratasláiv	83,07	5,37	107,15	17,83	5,43	72,47	13,72	305,07
SK021	Trnava	77,31	5,44	93,73	15,03	3,39	62,86	11,91	269,66
SK022	Trenčín	115,90	20,56	94,44	17,34	3,54	66,58	12,62	330,98
SK023	Nitra	89,84	5,39	105,03	16,85	3,67	61,22	11,60	284,60
SK031	Žilina	213,26	22,81	97,35	17,80	4,01	73,71	13,98	442,93
SK032	Banská Bystrica	125,80	14,97	114,72	20,45	3,86	81,54	15,48	376,81
SK041	Prešov	210,13	44,42	102,25	19,05	4,70	86,05	16,34	482,94
SK042	Košice	112,15	11,88	108,78	19,16	4,55	72,49	13,75	342,76

Astaíochtaí gás ceaptha teasa ó shaothrú sorgaim sa tSlóvaic le haghaidh réigiúin NUTS 3 (kg CO_2eq/tona de shorgam a bhuantar ar bhonn ábhar tirim)

Réigiún NUTS 2 de réir Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003		N_2O na hithreach		Leabaithe			Úsáid breosla	Síolta	Iomlán
		Díreach	Indíreach	Leasachán	Neodrú	Lotnaidicíd			
SK010	an Bhratasláiv	76,46	8,05	39,47	7,07	9,45	118,85	0,91	260,26
SK021	Trnava	90,17	8,32	85,27	15,22	9,15	129,92	1,02	339,06
SK022	Trenčín	64,20	13,41	27,54	5,88	7,82	95,75	0,67	215,27
SK023	Nitra	75,15	6,24	74,56	13,51	9,52	142,15	1,15	322,28
SK031	Žilina								
SK032	Banská Bystrica	209,70	22,21	122,89	24,65	11,98	167,48	1,41	560,32
SK041	Prešov	223,82	47,96	63,82	12,52	7,29	123,26	0,95	579,62
SK042	Košice	237,22	9,21	75,32	14,09	17,87	184,80	1,59	540,10